2025/1211

25.6.2025

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/1211 ÓN gCOIMISIÚN

an 23 Meitheamh 2025

lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1054 a mhéid a bhaineann le seirbhísí rialtasacha GOVSATCOM

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Clár Spáis an Aontais agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 912/2010, (AE) Uimh. 1285/2013 agus (AE) Uimh. 377/2014 agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE ([1]), agus go háirithe Airteagal 63(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 63 de Rialachán (AE) 2021/696, tá soláthar acmhainneachtaí agus seirbhísí ó chomhpháirt na Cumarsáide Satailíte Rialtasaí ('GOVSATCOM') le háirithiú i gcomhréir le ceanglais slándála GOVSATCOM. Ní féidir le seirbhísí rialtasacha cuid de na ceanglais sin a chomhlíonadh ach amháin lena n-úsáid ag Ballstát amháin agus ní féidir le córais atá faoi rialú na mBallstát iad a sholáthar. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, punann seirbhísí GOVSATCOM a thabhairt cothrom le dáta chun saintréithe na gcóras atá ag soláthar seirbhísí rialtasacha a shoiléiriú.

(2) Is acmhainn fhinideach í an chumarsáid satailíte atá teoranta de réir acmhainneacht, mhinicíocht agus chumhdach gheografach na satailíte atá ar fáil. Faoi chomhpháirt GOVSATCOM, déantar an chumarsáid sin a chomhcheangal trí úsáid a bhaint as comhthiomsú coiteann acmhainneachtaí agus seirbhísí cumarsáide satailíte de chuid an Aontais. Foráiltear le hAirteagal 64 de Rialachán (AE) 2021/696 go bhféadfaidh rannpháirtithe GOVSATCOM dá dtagraítear in Airteagal 68 den Rialachán sin agus daoine dlítheanacha atá cuíchreidiúnaithe i gcomhréir leis an nós imeachta um chreidiúnú slándála dá dtagraítear in Airteagal 37 den Rialachán sin na hacmhainneachtaí agus na seirbhísí sin a sholáthar. I measc rannpháirtithe GOVSATCOM, ní féidir ach leis na Ballstáit seirbhísí feabhsaithe láidre a sholáthar faoi láthair trí acmhainneachtaí cumarsáide satailíte rialtasaí atá faoina rialú.

(3) Tar éis dhá ghlao ar léiriú spéise a seoladh chuig na Ballstáit uile in 2022 agus 2024, mhol an Fhrainc, an Ghréig, an Iodáil, Lucsamburg agus an Spáinn acmhainneachtaí cumarsáide satailíte rialtasaí agus mhol an Chipir agus an Pholainn bonneagar ar talamh chun cur le comhthiomsú coiteann an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 62 de Rialachán (AE) 2021/696.

(4) Mar sin féin, ós rud é go bhféadfaidh na Ballstáit eile réitigh rialtasacha bhreise a mholadh nó córais nua a fhorbairt amach anseo, ba cheart don Choimisiún athbhreithniú tráthrialta a dhéanamh ar acmhainneachtaí na mBallstát agus punann seirbhísí GOVSATCOM a thabhairt cothrom le dáta ar mhaithe lena úsáideoirí.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1054 ón gCoimisiún ([2]) a leasú dá réir sin.

(6) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste Cláir a bunaíodh faoi Airteagal 107 de Rialachán (AE) 2021/696,

([1]) IO L 170, 12.5.2021, lch. 69, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/696/oj.

([2]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1054 ón gCoimisiún an 30 Bealtaine 2023 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an bpunann seirbhísí le haghaidh sheirbhísí na Cumarsáide Satailíte Rialtasaí arna dtairiscint ag an gcóras arna bhunú faoi Chlár Spáis an Aontais (IO L 141, 31.5.2023, lch. 49, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2023/1054/oj).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1054 mar a leanas:

1. Leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta tosaigh:

'Is éard a bheidh i bpunann seirbhísí GOVSATCOM na catagóirí seo a leanas de sheirbhísí cumarsáide rialtasaí nó neamhrialtasaí:';

(b) cuirtear isteach an mhír 2a seo a leanas:

'2a. Comhlíonfaidh an córas lena soláthraítear na seirbhísí rialtasacha na ceanglais seo a leanas:

(a) tá sé faoi rialú Ballstáit agus déanann an Ballstát sin cinneadh maidir lena phríomh-shaintréithe, déanann sé maoirseacht ar a shaothrú agus cinneann sé a úsáideoirí;

(b) is ar úsáid Ballstáit nó údaráis de chuid Ballstáit amháin atá na seirbhísí rialtasacha dírithe;

(c) comhlíonann na seirbhísí rialtasacha i gcomhthiomsú coiteann an Aontais na tréithe a leagtar amach in Iarscríbhinn II le haghaidh seirbhísí comhthiomsaithe feabhsaithe láidre.';

2. cuirtear an tAirteagal 6a a seo a leanas isteach:

'*Airteagal 6a*

Athbhreithniú ar acmhainneachtaí agus bonneagar na mBallstát

1. Agus an faireachán ar sholáthar GOVSATCOM agus ar an éileamh air á chur san áireamh, faireachán dá dtagraítear in Airteagal 69 de Rialachán (AE) 2021/696, tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún, arna iarraidh sin dó nó arna iarraidh sin do Bhallstát eile agus laistigh de 2 mhí tar éis dháta na hiarrata sin, maidir le cé acu a aontaíonn nó nach n-aontaíonn siad acmhainneachtaí nó bonneagar ar talamh a roinnt faoi chuimsiú GOVSATCOM.

2. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar na hacmhainneachtaí nó ar an mbonneagar ar talamh dá dtagraítear i mír 1 laistigh de 6 mhí tar éis dó freagra a fháil ó Bhallstát agus cuirfidh sé tús leis na nósanna imeachta fála, i gcás inar gá.'

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Meitheamh 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN